C/2024/6794

8.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11792 – APHEON / LFPI / ECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6794)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apheon Management S.A. ('Apheon', Lucsamburg),

— LFPI Gestion S.A.S (an Fhrainc), faoi rialú La Financière Patrimoniale d'Investissement S.A.S. ('LFPI', an Fhrainc),

— ECH SAS ('ECH', an Fhrainc), rialaitheoir na n-eintiteas dlítheanach seo a leanas: Haudecoeur S.A.S, Coexo Centrale S.A.S, Coexo Laures S.A.S, Financière Spigol S.A.S, Centrale Epices Assaisonnement Condiment S.A.S agus Flavori International S.R.L.

Gheobhaidh Apheon agus LFPI rialú comhpháirteach ar ECH de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Apheon a dhíríonn ar mhargaí na hEorpa. Déanann sé infheistíocht i gcuideachtaí meánmhargaidh ar fud na bpríomhearnálacha seo a leanas: Cúram Sláinte, Tionsclaíocht nideoige, Earraí tomhaltais, Seirbhísí agus na Meáin,

— Is grúpa infheistíochta é LFPI atá gníomhach i gcothromas príobháideach meánchaipitlithe, fiachas príobháideach, réadmhaoin, bainistíocht sócmhainní agus baincéireacht phríobháideach, agus díríonn sé ar mhargaí na Fraince agus na hEorpa.

3. Tá ECH gníomhach i margadh mórdhíola na Fraince le haghaidh earraí tomhaltais (táirgí bia eitneacha amhail spíosraí, bia tirim, bia leasaithe den chuid is mó).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11792 – APHEON / LFPI / ECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË